An Próiseas Clárúcháin Toghthóirí a nuachóiriú – Comhairliúchán Poiblí

1. Cad iad na ceisteanna atá le socrú?

Oibríonn an córas clárúcháin toghthóirí go maith mar atá sé faoi láthair agus tá muinín ag an bpobal as ach is beag athrú a cuireadh air ó bunaíodh an stát. Mar sin féin, ceaptar in amanna go bhfuil sé casta agus go bhféadfaí úsáid ní b'fhearr a bhaint as an teicneolaíocht atá ar fáil chun an clár a riaradh agus chun idirghníomhú leis an bpobal a éascú. Léiríonn cuid de na ceisteanna sonracha a tháinig chun cinn tionchar na n-athruithe atá tagtha ar an tsochaí go ginearálta:

- Cuireann údaráis áitiúla go leor acmhainní ar fáil le go rachaidh duine ó dhoras go doras gach bliain ag bailiú eolais agus d'fhéadfadh sé nárbh é an bealach is éifeachtaí a thuilleadh é chun eolas a bhailiú gach bliain.
- Bíonn i bhfad níos mó daoine ag teacht chun na hÉireann agus ag imeacht uaithi agus bíonn siad ag bogadh ó áit go háit taobh istigh den Stát freisin – mar sin, bíonn sé deacair ar na húdaráis áitiúla a n-eolas féin a úsáid chun na cláir a nuashonrú.
- Bíonn saoránaigh ag súil leis go mbeidh sé éasca dóibh teagmháil a dhéanamh leis an tSeirbhís Phoiblí, lena n-áirítear rochtain ar líne; úsáideann roinnt daoine seirbhísí ar líne cheana, mar shampla, seirbhís na gCoimisinéirí Ioncaim agus seirbhís na Roinne Talmhaíochta.
- Éilíonn an dlí go gcruthaítear agus go bhfoilsítear na cláir le linn na bliana ach bíonn roinnt mhaith riaracháin le déanamh mar gheall air seo.
- Maidir leis an gclárú teaghlaigh don chlár toghthóirí nuair is féidir le duine amháin na daoine ar fad atá ina gcónaí sa teach a chlárú, d'fhéadfadh sé nárbh é an bealach is fearr ná is sábháilte a thuilleadh é chun eolas ar na toghthóirí ar fad a fháil agus an t-eolas sin a choinneáil cothrom le dáta.
- Tá an córas clárúcháin atá ann anois ag brath go mór ar pháipéar agus ceaptar nach é an bealach is éifeachtúla chun daoine a chlárú.

2. Cúlra agus Comhthéacs

Bheartaigh an Rialtas nár mhór obair a thosú chun an próiseas clárúcháin toghthóirí a nuachóiriú. Is é is aidhm leis an tionscadal seo go mbeidh córas éifeachtúil atá éasca le húsáid ar fáil agus go mbeidh sé níos fusa do dhaoine úsáid a bhaint as agus do riarthóirí bainistiú a dhéanamh air ach go mbeidh sé go hiomlán sábháilte freisin.

2.1 Cé na rudaí a théann i bhfeidhm ar chruinneas agus ar iomláine chlár na dtoghthóirí?

Is dúshlán leanúnach é clár na dtoghthóirí a choinneáil cothrom le dáta, cruinn agus iomlán. Ar ndóigh, níor mhór daoine a chur leis an gclár nuair a bhaineann siad 18 mbliana d'aois amach agus iad a bhaint den chlár nuair a fhaigheann said bás nó an clár a nuashonrú nuair a athraíonn seoladh duine ach ní mór é a nuashonrú freisin nuair a imíonn siad ón tír nó nuair a thagann siad anseo ó thír éigin eile. Tagann athrú ar na cúiseanna go gceadaítear vóta poist nó socruithe speisialta vótála do dhuine freisin agus ní mór an clár a chur in oiriúint do na hathruithe sin freisin.

2.2 Staitisticí agus taighde

Bailíonn an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil staitisticí bliantúla ar líon na ndaoine ar chlár na dtoghthóirí do gach údarás áitiúil. Anuas air sin, rinne an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) modúl ar leith bunaithe ar rannpháirtíocht vótálaithe mar chuid den Suirbhé Náisiúnta Teaghlaigh a dhéantar gach ceithre bliana agus fuarthas amach gur chuir 35% de na daoine nár chaith vóta in Olltoghchán 2011

in iúl nár chaith siad vóta mar gheall nach raibh siad ar chlár na dtoghthóirí. As measc na ndaoine sin, bhí 45% idir 18-34 bliana d'aois, 35% idir 35-54 bliana d'aois agus bhí 15% os cionn 55 bliana d'aois.

Léirítear i dtaighde a rinneadh sa Ríocht Aontaithe[1] gurb é ceann de na fáthanna is mó a mbíonn eolas míchruinn ar an gclár go mbogann daoine chuig seoladh nua. Mar gheall go mbogann daoine níos minice anois ná mar a rinne cheana, tá baol níos mó ann go mbeidh botúin ar an gclár. Léiríodh sa Daonáireamh a rinneadh in 2016 gur bhog 219,995 duine a bhí ní ba shine ná 15 bliana d'aois chuig teach eile sa bhliain roimhe sin, i gcomparáid le 74,001 duine sa bhliain 1996.

Léiríonn na Staitisticí faoin tSochaí Faisnéise a chuir CSO i dtoll a chéile in 2018 go raibh teacht ag an idirlíon sa bhaile ag 89% de na teaghlaigh in Éirinn. Sa bhliain 2018, fuair níos mó ná leath na n-úsáideoirí eolas ó shuíomhanna gréasáin nó ó aipeanna údarás áitiúil; d'íoslódáil 43% foirmeacha oifigiúla nó phriontáil siad iad agus chomhlánaigh 60% foirmeacha ar líne, rinne 73% de na húsáideoirí san aoisghrúpa 30-44 agus 42% de na húsáideoirí san aoisghrúpa 16-29 amhlaidh.

D'úsáid beagnach 450,000 duine an suíomh gréasáin checktheregister.ie sa bhliain 2016 agus bhain 356,000 duine leas as in 2017. Léirítear sna figiúirí gur tháinig borradh suntasach ar líon na ndaoine a d'úsáid an suíomh gréasáin i mí Feabhra rud a tharla nuair a bhí feachtas ar siúl ar Google agus ar Facebook roimh an Olltoghchán in 2016 agus tháinig borradh ní ba lú ar na figiúirí arís i mí na Samhna nuair a bhí an feachtas bliantúil clárúcháin ar siúl ag an Roinn agus ag na hÚdaráis Áitiúla. Tháinig fás ollmhór ar líon na ndaoine a d'úsáid an suíomh gréasáin in 2018 – thug 1.6 milliún úsáideoir cuairt ar an suíomh roimh lár mhí Dheireadh Fómhair, agus bhí borradh suntasach ann roimh an reifreann i mí na Bealtaine.

Tugann an méid sin le fios go mb'fheidir gur mhaith le roinnt daoine go mbeadh an rogha acu a gcuid sonraí ar chlár na dtoghthóirí a láimhseáil ar líne ach gurbh fhearr le daoine eile córas páipéir a úsáid.

3. Cén comhairliúchán a rinneadh go dtí seo?

Tugadh faoi phróiseas comhairliúcháin le foirne toghchórais na n-údarás áitiúil, a bhfuil saineolas sa réimse seo acu, um shamhradh 2018 chun tuairimí a fháil ar na moltaí. Oibríonn na foirne seo leis an gclár ar feadh na bliana agus tá an-taithí acu ar an bpróiseas ach bíonn siad ag plé leis an bpobal freisin – foirmeacha clárúcháin a phróiseáil agus ceisteanna a fhreagairt. Mar sin, tá eolas maith acu le gur féidir leo athbhreithniú a dhéanamh ar na moltaí. Tá torthaí an chomhairliúcháin sin ar fáil **anseo** (i mBéarla amháin).

Tacaíodh go forleathan leis na príomh-mholtaí agus ceapadh go rachaidís chun tairbhe don phobal, don phróiseas a riaradh agus d'ardchaighdeán an chláir. Cé gur ceapadh go rachadh formhór na moltaí chun tairbhe don riarachán, don phobal agus d'ardchaighdeán an chláir – ceapadh freisin gur mhó tairbhe a bhainfí as cinn áirithe thar a chéile agus go mbeadh sé ní ba chasta cuid acu a chur chun feidhme. Cuid an-tábhachtach den tionscadal is ea a oibriú amach conas a chuirfear chun feidhme é.

[1] https://www.electoralcommission.org.uk/__data/assets/pdf_file/0006/169890/Electoral-Commission-Census-2011.pdf



Gaeilge	English
% de na rannpháirtithe a roghnaigh tairbheach agus inmhianaithe “go leor” nó “an-tairbheach agus an-inmhianaithe”	% of respondents selecting “somewhat” or “very” desirable or beneficial
Bunachar sonraí lárnach amháin	A single central register database
Clár rollach	A Rolling Register
Athrú i dtreo an chlárúcháin aonair	A move to individual registration only
Próisis agus foirmeacha a shimpliú	Simplification of processes and forms
Clárú ar líne agus féinseirbhís shábháilte	Online registration and secure self-service
Athrú i dtreo an aitheantais fhíoraithe	Moving to verified identity e.g. using PPSNs
Sonraí a roinnt	Data sharing
Tairbheach go leor nó an-tairbheach don riarachán	Very or somewhat beneficial for administration
Tairbheach go leor nó an-tairbheach don phobal	Very or somewhat beneficial for the public
Tairbheach go leor nó an-tairbheach d’ardchaighdeán an chláir	Very or somewhat beneficial for integrity of the register
Inmhianaithe go leor nó an-inmhianaithe	Somewhat or very desirable

4. Cén cheist atá á cur faoi do bhráid?

Beidh an t-athrú is suntasaí a rinneadh riamh ar an bpróiseas clárúcháin toghthóirí ó bunaíodh an Stát i gceist leis na moltaí deireanacha a mholfar tar éis an chomhairliúcháin. Mar sin, tá sé ríthábhachtach go gcuirfeadh an méid is mó daoine is féidir a dtuairimí in iúl. Is chun ár leasa féin é go gcuirtear na ceisteanna ar fad atá ann faoi láthair san áireamh le gur féidir na hathruithe is fearr is féidir a chur i bhfeidhm.

Cuirtear an tsraith moltaí seo a leanas – a leagtar amach ina n-iomláine thíos – faoi bhráid an phobail d’fhonn tuairimí a fháil.

Seo a leanas na ceisteanna ar cheart machnamh a dhéanamh orthu i dtaobh na moltaí aonair nó i dtaobh an tionscadail ina iomláine:

- An gceapann tú gur rud dearfach é an tionscadal ina iomláine nó cuid de na moltaí sonracha a dhéantar?
- An bhfeictear duit go mbaineann rioscaí le cuid de na moltaí nó leo ar fad agus cén chaoi arbh

fhéidir na rioscaí sin a laghdú nó a bhainistiú?

- Cén chaoi a rachadh na moltaí i bhfeidhm ortsa?

Cuirtear ceisteanna breise i dtaobh na moltaí éagsúla ach níl i gceist leis na ceisteanna ach treoir agus ní chuireann siad teorainn leis na tuairimí a iarrtar ar an bpobal. Téann an próiseas clárúcháin toghthóirí i bhfeidhm orainn ar fad agus mar sin, cuirtear fáilte roimh thuairimí ar ghné ar bith den phróiseas.

5. Aighneacht a dhéanamh

- Ríomhphost – i bhformáid Word, chuig registerreform@housing.gov.ie
- De rogha air sin, is féidir freagraí a chur sa phost chuig: An Comhairliúchán um an Tionscadal Clárúcháin Toghthóirí, An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtas Áitiúil, Teach an Chustaim, Baile Átha Cliath 1, D01 W6X0.
- Tabhair do d'aire go gcuirfear na haighneachtaí scríofa ar fáil don phobal ar shuíomh gréasáin na Roinne ar mhaithe leis an trédhearcacht. **Féach an Ráiteas Príobháideachais**

6. Na chéad chéimeanna eile

- Déanfar anailís ar an ábhar ar fad a gheofar agus úsáidfear é chun cabhrú linn togra a ullmhú le go gcuirfear faoi bhráid an Rialtais é.
- Cuirfear an t-ábhar ar fad a gheofar ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne mar aon le hachoimre agus tuarascáil ar an bpróiseas comhairliúcháin.
- Táthar ag súil go dtógfaidh sé 2-3 bliana an tionscadal seo a thabhairt chun críche agus breathnófar ar an réimse iomlán beartais, reachtaíochta agus teicneolaíochta a bheidh de dhíth chun an próiseas clárúcháin toghthóirí a nuachóiriú. I bhfianaise a thábhachtaí atá an clár do dhaonlathas na hÉireann, déanfar a thuilleadh comhairliúcháin níos deireanaí agus cuirfear eolas ar fáil ar bhonn rialta ar an gcaoi a bhfuil ag éirí leis.

7. Mór-aidhmeanna agus príomh-mholtaí

Seirbhís níos fearr a chur ar fáil don phobal

Tá sé mar aidhm againn an clárúchán a éascú ach na próisis agus na foirmeacha a shimpliú agus a dhéanamh níos éifeachtaí. Beifear ag bogadh i dtreo an duine aonair a chlárú seachas teaghlach a chlárú le go mbeidh freagracht ar gach duine as a gclárúchán féin agus as a chinntiú go bhfuil na sonraí cothrom le dáta, tacófar leis seo ach roghanna nua clárúcháin a chur ar fáil, lena n-áirítear clárúchán ar líne agus féinseirbhís shábháilte.

Riaradh an chláir a nuachóiriú

Chuirfeadh bunachar sonraí lárnach amháin don chlár ar chumas na n-údarás áitiúil córas caighdeánaithe a úsáid agus thabharfaí na 31 clár atá ann anois le chéile i mbunachar sonraí amháin a bheadh nua-aimseartha agus sábháilte. Chruthódh clár rollach/clárúchán leanúnach clár amháin a bheadh beo ar feadh na bliana le spriocdháta clárúcháin roimh imeacht toghcháin.

Ardchaighdeán an chláir a chothabháil agus a fheabhsú: D'fhéadfadh sé go gcabhródh sé le hardchaighdeán agus le sábháilteacht an chláir agus go laghdófaí iontrálacha dúbailte nó athruithe míchearta dá ndéanfaí aitheantas a fhíorú, lena n-áirítear trí Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí a úsáid.

Breathnófar ar na féidearthachtaí atá ann i ndáil le sonraí a roinnt chun an clár a chothabháil amach anseo freisin.

Áirítear na moltaí seo a leanas leis na moltaí eile a bhfuiltear ag féachaint orthu:

- Cead a thabhairt do dhaoine atá 16-17 mbliana d'aois clárú go sealadach agus go mbeidh na sonraí sin 'beo' an lá a bhainfidh siad 18 mbliana d'aois amach. Bheadh Údaráis Áitiúla in ann oibriú le scoileanna d'fhonn daoine óga a spreagadh chun a gcuid sonraí a chlárú agus bheidís in ann a mhíniú do dhaoine óga an chaoi arbh fhéidir leo a gcuid sonraí a choinneáil cothrom le dáta amach anseo.
- Nósanna imeachta a shoiléiriú agus a shimpliú le go mbeidh sé níos éasca do dhaoine gan seoladh buan clárú – níor cheart go gcuirfeadh sé isteach ar do chearta vótála go bhfuil tú gan dídean. Chabhródh nós imeachta caighdeánaithe chun a áirithiú go mbeadh sé éasca do na daoine ar fad atá incháilithe clárú;
- Clárú anaithnid sa chás go gcuirfeadh sé isteach ar shlándáil an duine dá mbeadh a chuid sonraí ar fáil go poiblí e.g. dá mbeadh ordú urchoisc nó ordú cúirte dá leithéid i bhfeidhm.
- Deireadh a chur leis an bhforáil don "chlár cóirithe", leagan den chlár, a úsáidtear go hannamh, arbh fhéidir le páirtí ar bith a cheannach agus a úsáid chun aon chríocha ar bith, lena n-áirítear an mhargaíocht dhíreach.

8. Téamaí coitianta a bhaineann leis an bpróiseas a nuachóiriú

Agus na hathchóirithe deireanacha a mholfar tar éis an chomhairliúcháin á n-ullmhú, pléifear roinnt príomhthéamaí a bhaineann leis na moltaí uile.

Aitheantas, sonraí, príobháideachas

- Faoi láthair, déanann baill den phobal atá ag breathnú ar an dréachtchlár seiceálacha ar an gclár agus déanann An Garda Síochána seiceálacha ar an gclár freisin ach foirmeacha agus doiciméid aitheantais a sheiceáil le go gcuirfear duine ar an gclár forlíontach.
- Moladh go minic gur cheart Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP) a úsáid chun an clár a dhéanamh ní ba chruinne agus ní ba shábháilte agus le go mbeadh sé ní b'éasca do dhaoine clárú.
- Is iad na príomhchúiseanna leis an aitheantas a fheiceáil an prionsabal 'duine amháin - vóta amháin' a chosaint, dúbláil ar an gclár a sheachaint agus athruithe ar shonraí an duine mhíchirt a sheachaint.
- Is féidir leis na hÚdaráis Áitiúla UPSPanna a úsáid faoin reachtaíocht atá ann anois, ach sula gcuirtear aon athrú ar na sonraí a bhailímid agus a stórálaimid, is mian linn tuiscint a fháil ar na buntáistí agus ar na ceisteanna a bhaineann leis an moladh freisin le gur féidir linn bearta a dhéanamh chun na ceisteanna a shocrú agus sonraí a choinneáil sábháilte

Teicneolaíocht agus an tslándáil

Leagadh béim ar a thábhachtaí is atá slándáil agus seasmhacht an phróisis toghcháin i dtuairisc ón Rialtas a foilsíodh le déanaí agus aithníodh nár mhór aird iomlán a thabhairt ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann lena n-áirítear cibear-ionsaithe, mar shampla, má táthar chun an próiseas clárúcháin toghthóirí a nuachóiriú. Cuirfear san áireamh sna moltaí deireanacha agus in aon teicneolaíocht a fhorbrófar an gá le slándáil ar an gcaighdeán is airde chun an próiseas daonlathach a chosaint.

Measúnú agus feabhas le himeacht ama

D'fhonn a áirithiú go leantar den phróiseas athchóirithe sa mheántréimhse agus san fhadtréimhse, beidh tuilleadh eolais ar an gclár de dhíth. Áirítear leis an eolas seo staitisticí níos fearr ar a chruinne atá an clár, suirbhéanna rialta ar thuairimí an phobail ar an bpróiseas agus féachaint ar bhealaí nua chun eolas a bhailiú i ndáil leis na réimsí nár mhór feabhas a chur orthu.

Rialachas córais

Beidh plean nua fadtréimhseach de dhíth don phróiseas nua agus don teicneolaíocht a úsáidfear chun a áirithiú go n-oibríonn sé go maith san fhadtréimhse – fágann sin nach mór measúnú agus tuairisciú a dhéanamh go tráthrialta. B'Fhéidir go mbeadh ról lárnach ag an gCoimisiún nua Toghcháin atá beartaithe i gcomhar leis na hÚdaráis Áitiúla san obair sin.

9. Féidearthachtaí leis na hathchóirithe seo

D'fhéadfadh sé go mbeadh na nithe seo a leanas mar thoradh ar na moltaí:

- Clárúchán ar bhealach a fheileann don duine féin – ar líne nó ar pháipéar
- Próiseas soiléir simplí – foirm amháin, próiseas amháin, clár amháin – ó thús deireadh na bliana.
- Bunachar sonraí sábháilte amháin le gur féidir leis na húdaráis áitiúla bainistiú a dhéanamh ar an gclár agus do shonraí a chosaint freisin
- Cothromaíocht a bhaint amach idir an tslándáil agus an rochtain éasca chun ardchaighdeán an phróisis clárúcháin a chosaint
- Clár toghthóirí a chur le chéile atá sábháilte, cuimsitheach agus cruinn
- Caighdeáin, teorainneacha agus cosaintí a leagan amach maidir leis na féidearthachtaí do na sonraí a roinnt sa todhchaí

Chun na hathchóirithe seo a chur chun feidhme ina n-iomláine, níor mhór feabhas a chur ar na bealaí atá ann chun aitheantas a sheiceáil, lena n-áirítear PPSNanna a úsáid, comhroinnt theoranta sonraí idir údaráis áitiúla (a bheidh i bhfeighil an chláir) agus idir an clár agus comhlachtaí eile earnála poiblí chun críocha fíorúcháin.

Déanfar na nithe seo a leanas chun sábháilteacht agus slándáil na sonraí agus ardchaighdeán an chórais toghcháin a chosaint:

- Beidh an chosaint sonraí agus an príobháideachas lárnach ag gach céim
- Tabharfar tús áite do na crua-earraí agus don chibearshlándáil sna réitigh theicneolaíochta
- Beidh rialacha diana úsáide i bhfeidhm dóibh siúd a bheidh ag plé leis an gclár agus beidh pionóis ann má bhaintear aon mhí-úsáid as
- Déanfar iniúchóireacht dhian leanúnach ar an tslándáil agus ar an seasmhacht

10. Mionchur síos ar na moltaí

Príomh-thogra Uimh 1: Na foirmeacha agus an próiseas a shimpliú

Faoi láthair, tá 23 foirm éagsúil in úsáid don chlár toghthóirí. Leis an moladh seo, ní bheadh ach foirm amháin i gceist chun clárú nó chun athrú a dhéanamh ar do thaifead. Dhéanfaí plé ar na foirmeacha do vótaí poist agus do shocruithe speisialta vótála a dhéanamh níos éifeachtaí freisin.

Beidh na foirmeacha nua soiléir agus éasca le léamh agus beidh míniú soiléir ar an bhfoirm ar an bhfáth a bhfuil an t-eolas uainn, ar an gcaoi a n-úsáidfear an t-eolas agus ar an gcaoi a ndéantar é a stóráil agus a chosaint.

Buntáistí
Chinnteofaí le foirm amháin chaighdeánaithe a bheadh le comhlánú ar líne nó ar pháipéar go mbaileofaí an t-eolas ceart.

Rioscaí	**Conas is féidir aghaidh a thabhairt orthu seo?**
- Bheadh an t-aon fhoirm amháin casta mura mbeadh sé deartha i gceart	- Is féidir a chinntiú go n-úsáidtear Béarla simplí ar an bhfoirm agus rochtain na foirme a sheiceáil e.g. le hÁisíneacht Náisiúnta Litearthachta do Aosaigh
- D'fhéadfadh sé go mbeadh mearbhall ar an bpobal agus an t-aistriú ar siúl	- D'fhéadfaí sonraí den phróiseas nua a chur san fheachtas feasachta - Is féidir linn a chinntiú nach mbeidh ach na foirmeacha nua ar fáil ar líne agus sna háiteanna a mbíonn siad ar fáil sa phobal.

Cúlra: Cé nach moladh é a dhéantar go sonrach in aon tuairisc ar leith, aithnítear go bhfuil an córas casta go leor. Bailíonn roinnt tíortha eile an t-eolas riachtanach ar fad ar aon fhoirm amháin

Moltaí gaolmhara: Tagann na moltaí i ndáil le clárú don duine aonair agus don chlár rollach leis an moladh áirithe seo chun foirm shimplí amháin a chruthú a úsáidfidh duine am ar bith sa bhliain.

D'fhéadfadh sé gur mhaith leat machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna seo a leanas do d'aighneacht:
An bhfuil buntáistí ag baint le foirm amháin shimplí shoiléir?
An mbaineann aon rioscaí eile leis an gcur chuige seo nár luadh thuas?

Príomh-thogra Uimh 2: Clár rollach nó clárú leanúnach

Chruthófaí clár "beo" toghthóirí amháin leis an togra seo. Chiallódh sé go mbeadh daoine in ann féachaint ar an gclár ag am ar bith agus an clár a nuashonrú nó a athrú de réir mar ba ghá go dtí 14 lá roimh lá vótála. Tar éis an lae vótála, d'osclófaí an clár arís agus bheadh sé á nuashonrú go leanúnach go dtí 14 lá roimh an gcéad lá vótála eile agus mar sin de.

Faoi láthair, foilsítear an dréachtchlár toghthóirí i mí na Samhna gach bliain le gur féidir leis an bpobal féachaint air agus is féidir le baill den phobal foirmeacha a chur isteach chun athruithe a dhéanamh, athruithe a bhíonn le feiceáil nuair a fhoilsítear an clár deireanach nua i mí Feabhra. Ag an bpointe seo, agus go dtí 14 lá roimh lá vótála, déantar liosta eile, ar a dtugtar an liosta forlíontach, d'ainmneacha na ndaoine a chuirtear ar an gclár. Cé go n-oibríonn an próiseas seo go maith, ceapadh an próiseas don am a chuaigh thart, nuair ba ghá an clár a phriontáil le go mbeadh daoine in ann féachaint air agus nuair a bhí an-chuid ama de dhíth chun foirmeacha a chur isteach agus a phróiseáil. Déanann formhór an phobail na sonraí a sheiceáil anois ar checktheregister.ie, agus cé gurbh fhéidir é a feabhsú a chur ar an suíomh seo, chomh maith leis sin, d'fhéadfaí an clár a chur ar fáil do dhaoine chun féachaint air ag am ar bith ar scáileán in oifigí údarás áitiúil.

Buntáistí

Dhéanfadh clár rollach an próiseas clárúcháin a shimpliú agus laghdódh sé an costas agus an t-ualach oibre a bhaineann le cláir éagsúla a ullmhú ar feadh na bliana. Dhéanfadh sé na rudaí seo a leanas:

- Chruthófaí próiseas amháin ionas go mbeadh sé ní b'éasca do dhaoine clárú nó a gcuid sonraí a nuashonrú.
- Shimpleofaí riaradh an chláir do na húdaráis áitiúla
- Bheadh an leagan 'beo' ar fáil ag am ar bith agus bheadh daoine in ann a sheiceáil go raibh a gcuid sonraí cothrom le dáta

Rioscaí	**Conas is féidir aghaidh a thabhairt orthu seo?**
- D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh daoine an clárú ar an méar fhada agus go mbeadh brú ollmhór ar na córais TF agus ar fhoirne na n-údarás áitiúil roimh an lá vótála	- D'fhéadfadh sé go spreagfadh an clárúchán simplí cuid de na daoine seo chun clárú ag amanna éagsúla agus b'fhéidir go bhféadfaí dlús a chur leis seo ach feachtais dhírithe feasachta a chur ar bun. - Ceapfar córais le go mbeidh siad in ann déileáil le borradh sa ghníomhaíocht chun a áirithiú go mbeidh siad in ann an t-éileamh sna laethanta roimh an lá vótála a sheasamh.
- D'fhéadfadh sé go gcuirfear isteach ar shlándáil sonraí na ndaoine dá gcuirfí athraithe ar an suíomh gréasáin checktheregister.ie.	- Is féidir breathnú ar roghanna teicniúla chun sonraí ar an suíomh a chosaint nó chun srian a chur ar líon na gcuardach is féidir a dhéanamh i dtréimhse áirithe ama nó ó sheoladh áirithe IP ar bith. - D'fhéadfaí scáileán a chur ar fáil in oifigí na n-údarás áitiúil agus d'fhéadfadh duine ar bith féachaint ar an gclár ag am ar bith ach nach mbeadh duine in ann é a thabhairt leis nó grianghraf a ghlacadh de.
- Foráiltear sna dlíthe atá ann faoi láthair go bhféachtar ar athruithe ar an dréachtchlár sa chúirt dúiche	- D'fhéadfadh sé nach mbeadh a leithéid ag teastáil a thuilleadh agus go mbeadh na húdaráis áitiúla in ann déileáil leis na hiarratais ar nuashonrú a dhéanamh. D'fhéadfaí foráil nua a chur i bhfeidhm d'achomhairc ar chinntí údaráis áitiúil i ndáil leis an gclár.

Cúlra: Moladh a rinne Comhchoistí Oireachtais 2008, 2016 agus i dtuairisc UCD (2008).

Moltaí gaolmhara: Próisis agus foirmeacha a shimpliú

D'fhéadfadh sé gur mhaith leat machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna seo a leanas do d'aighneacht:
Ar mhaith leat go mbeadh aon bhearta eile trédhearcachta nó slándála ann?
Conas a sheiceálann tú an clár de ghnáth? Conas is féidir feabhas a chur air?
D'fhéadfaí seiceálaí i bhfad ní b'éifeachtaí a chur ar fáil freisin – faoi láthair níl ach an 'clár beo' ar fáil ar checktheregister.ie agus níl an clár forlíontach ar fáil – i do thuairim, an leor an méid a iarrtar ar dhaoine faoi láthair, ainm agus seoladh, faoin gcóras reatha, mar cheisteanna slándála le gur féidir leo a sheiceáil an bhfuil siad ar an gclár?

Príomh-thogra Uimh 3: Clárú ar líne roghnach agus féinseirbhís shábháilte

Chuirfeadh an clárú ar líne ar chumas na ndaoine a roghnú go ndéanfaidís bainistiú ar a n-iontráil féin ar an gclár toghthóirí agus ansin, go ndéanfaidís na sonraí a choinneáil cothrom le dáta. Beidh próiseas páipéir fós ar fáil dóibh siúd arbh fhearr leo an córas sin a úsáid.

D'fhonn a áirithiú nach n-insíonn daoine bréaga faoi cé hiad féin nuair a úsáideann siad an córas ar líne chun clárú nó chun a gcuid sonraí a nuashonrú, ní mór dúinn teicneolaíocht fíoraithe aitheantais a úsáid Úsáideann daoine MyGovID do sheirbhísí áirithe stáit ar líne cheana, lena n-áirítear, Sochar Leasa Shóisialaigh agus Deontais Mac Léinn via SUSI, mar shampla. Tá MyGovID ar fáil d'aon duine a bhfuil Cárta Seirbhísí Poiblí aige agus tá an cárta sin ag thart ar 2.7 milliún duine cheana agus mar sin, beidh an rogha seo ar fáil dóibh.

Buntáistí: Beidh sé níos simplí sonraí a chur leis nó a athrú agus mar sin, beidh sé níos éasca do dhaoine a gcuid sonraí a choinneáil cothrom le dáta agus beidh an clár níos cruinne mar gheall air sin. Cuirfidh sé ar chumas do dhaoine freagracht a ghlacadh as a sonraí féin agus beidh an próiseas níos tapúla agus níos éasca dóibh.

Rioscaí	**Conas is féidir aghaidh a thabhairt orthu seo?**
- Slándáil an tairsigh ar sháruithe ón taobh amuigh - Seasmhacht an tairsigh	Beidh slándáil agus seasmhacht an bhunachair sonraí agus an tairsigh idirlín an-tábhachtach. Ní mór go mbeidh sé in ann déileáil le borradh suntasach san éileamh, go háirithe roimh lá vótála. Ní mór go mbeadh sé slán ar sháruithe. Is mórthéama í an tslándáil ar ghá féachaint air nuair a bheidh na moltaí deireanacha á n-ullmhú tar éis an chomhairliúcháin seo don nuachóiriú. Áiritheoidh sé go dtabharfar aghaidh ar na ceisteanna uile atá ann agus go ndéanfar na bearta riachtanacha chun do shonraí a chosaint agus chun an próiseas daonlathach a chosaint má tá bunachar sonraí nó tairseach idirlíon á fhorbairt.

Cúlra: Moladh sa tuairisc ón gComhchoiste Oireachtais in 2016 go ndéanfar an clárú ar líne a iniúchadh mar chuid de na nuachóirithe agus go ndéanfaí iarracht é a thabhairt isteach nuair a bheifí sásta go mbeadh sé sábháilte.

D'fhéadfadh sé gur mhaith leat machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna seo a leanas do d'aighneacht:
An bhfuil na buntáistí a bhaineann leis an gclárú roghnach ar líne soiléir?
An bhfuil aon cheisteanna agat maidir leis an moladh seo? Conas is féidir dul i ngleic leis na ceisteanna sin?
An bhfuil an buntáiste a bhaineann le córas atá ann cheana, amhail MyGovID, a úsáid soiléir?
An dócha go n-úsáidfidh tú an bealach seo chun an clár a láimhseáil nó bealach eile?

Príomh-thogra Uimh 4 – Ag bogadh i dtreo an chlárúcháin don duine aonair

Dá dtabharfaí isteach an clárúchán don duine aonair, bheadh ar gach duine ar mhian leo a bheith ar an gclár nó athruithe a dhéanamh ar a dtaifead foirm ar leith a chomhlánú.

Faoi láthair, is féidir le duine amháin foirm theaghlaigh a chomhlánú ar son gach duine atá ina gcónaí ag an seoladh sin le go gcuirfear ar an dréachtchlár iad. Cé go bhfuil sé áisiúil do dhaoine áirithe – e.g. tuismitheoirí ag clárú a gclann, cruthaíonn sé roinnt deacrachtaí maidir leis an bpríobháideachas sonraí, leis an gcruinneas agus leis an aitheantas a fhíorú. Mar shampla, i dtithe atá ar cíos mar nach mbíonn daoine gaolta lena chéile, d'fhéadfadh sé nach gcuirfí daoine áirithe ar fhoirmeacha agus i gcásanna eile, go mbeadh ainm duine ar an bhfoirm tar éis dóibh bogadh amach agus clárú in áit éigin eile. Téann seo i bhfeidhm go mór ar chruinneas agus ar iomláine an chláir.

Déantar na hiarratais ar an gclár forlíontach don chlár ar bhonn aonair agus bíonn ar Gharda doiciméad aitheantais a fhíorú. Foráiltear sa reachtaíocht freisin gur féidir a thuilleadh eolais a iarraidh ag an am sin freisin.

Mar chuid den nuachóiriú seo agus den mholadh maidir le simpliú, d'fhorbrófaí foirm chlárúcháin amháin. D'úsáidfeadh gach duine a bheadh ag déanamh iarratais chun clárú, chun an seoladh a athrú nó chun sonraí ar bith a nuashonrú an fhoirm chéanna – dhéanfadh sé an córas clárúcháin i bhfad ní b'éifeachtaí.

Buntáistí: Chinnteodh an nuachóiriú seo go mbeadh a fhios ag gach duine cibé an bhfuil siad cláraithe nó nach bhfuil agus a bhfuil le déanamh acu chun sonraí a choinneáil cothrom le dáta. Chiallódh sé freisin nach mbeadh ar dhaoine eolas a roinnt leis na daoine eile sa teach agus mar sin, go bhfeabhsófaí an chosaint sonraí.

Rioscaí	**Conas is féidir aghaidh a thabhairt orthu seo?**
- D'fhéadfadh sé gur lú seans a bheidh ann go gcláróidh grúpaí áirithe, mar shampla, daoine óga, ar chláraigh tuismitheoirí iad go dtí seo	- Chabhródh feachtais dhírithe feasachta leis na daoine seo a spreagadh chun clárú a dhéanamh - Moltar go gcuirfear clár scoileanna i bhfeidhm mar chuid den nuachóiriú seo le go spreagfar daoine óga chun clárú a dhéanamh go luath.

Cúlra: Moladh a rinne Comhchoistí Oireachtais 2008, 2016 agus i dtuairisc UCD (2008).

Moltaí gaolmhara: Próisis agus foirmeacha a shimpliú

D'fhéadfadh sé gur mhaith leat machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna seo a leanas do d'aighneacht:
An lú seans go gcláródh tú don chlár dá mbeadh ort d'fhoirm féin a chomhlánú?
An bhfuil na buntáistí soiléir duit?
Ar aithníomar na rioscaí ar fad agus bealaí maithe chun aghaidh a thabhairt orthu?

Príomh-thogra Uimh 5 – Bunachar sonraí náisiúnta amháin le haitheantóirí uathúla a chumasú

Faoi láthair, ullmhaíonn gach údarás áitiúil a chlár toghthóirí féin. Leis an moladh seo, thabharfaí na 31 údarás áitiúil le chéile le bunachar sonraí lárnach sábháilte nua-aimseartha. Bheadh na gnéithe seo a leanas i gceist:

- Bheadh próisis agus nósanna imeachta caighdeánaithe ann do na húdaráis áitiúla uile i ndáil leis an gcaoi a ndéantar sonraí a bhainistiú agus a stóráil
- Gheobhadh gach duine ar an gclár cláruimhir uathúil le go mbeadh sé ní b'éasca do thaifead féin a aimsiú dá mba mhian leat athrú a dhéanamh ar na sonraí agus laghdódh sé an baol go ndéanfaí botún agus seoladh á nuashonrú, mar shampla.
- Bheadh sé ní b'éasca do na húdaráis áitiúla iontrálacha dúbailte a sheachaint mar go bhféadfaidís é a fheiceáil dá mbeadh duine cláraithe i gcontae eile. Bheadh sé ní b'éasca dóibh teagmháil a dhéanamh le húdaráis áitiúla eile freisin faoi athruithe a bheadh de dhíth, mar shampla, dá gcuirfí ar an eolas iad gur bhog tú chuig teach eile.
- Chuirfeadh an próiseas lena dtabharfaí na cláir le chéile deis ar fáil fadhbanna atá ann faoi láthair a aithint, mar shampla, iontrálacha dúbailte don aon duine amháin, le go bhféadfaí na fadhbanna sin a shocrú.

Rioscaí	**Conas is féidir aghaidh a thabhairt orthu seo?**
- Bheadh bearta breise slándála de dhíth dá mbeadh aon chóras amháin ann chun na sonraí a chosaint ar sháruithe nó ar an ngadaíocht	- Is féidir linn an méid sonraí a stóráiltear a laghdú - Is féidir linn bearta teicniúla slándála ar a ndéantar athbhreithniú agus nuashonrú go rialta i bhfeidhm - Is féidir linn dlíthe a dhéanamh maidir le cé na daoine a mbeidh rochtain acu ar an eolas, na bealaí is féidir an t-eolas a úsáid agus pionóis a leagan amach don mhí-úsáid. - Agus na moltaí deireanacha á bhforbairt, is féidir linn measúnacht tionchair ar phríobháideachas a ullmhú ina dtabharfar mionsonraí ar na bearta seo.
- Beidh sé casta na cláir a thabhairt le chéile, d'fhéadfadh sé go mbeadh imní ar dhaoine go mbainfear den liosta iad de thaisme e.g. go gceapfar gur iontráil dhúbailte atá ann nuair a bhíonn beirt ag a bhfuil sonraí cosúla i gceist.	- Is féidir linn leas a bhaint as bunachar sonraí eile a úsáidtear san earnáil phoiblí agus iad a chur i gcomparáid leis an gclár más rud é go dtugtar údarás dlíthiúil. - Is féidir linn nósanna imeachta soiléire a leagan amach faoin gcaoi a ndéanfar an obair agus próiseas soiléir a bheidh le leanúint a leagan amach freisin. - Is féidir linn teagmháil a dhéanamh le daoine chun na sonraí a sheiceáil sula ndéantar aon athrú

Cúlra: Rinneadh Comhchoistí Oireachtais sna blianta 2008 agus 2016 an moladh seo agus bhí formhór na n-aighneachtaí agus formhór na bhfinnéithe ag an gComhchoiste in 2016 ar son an athraithe, lena n-áirítear earnáil na n-údarás áitiúil.

Moltaí gaolmhara: Moladh uimh 6 aitheantas a fhíorú – dá mbeifí in ann UPSPanna a úsáid, bheifí in ann an t-eolas ar an gclár (ainm, seoladh, dáta breithe agus náisiúntacht) a sheiceáil le bunachar sonraí sábháilte atá ann cheana. D'fhormhór na ndaoine, chiallódh sé nach mbeadh aon rud le déanamh acu

chun nuashonrú a dhéanamh ag an am seo. I gcás daoine eile, bheadh próiseas eile ann leis an bpost agus le hoibrí allamuigh chun a áirithiú go ndéantar teagmháil le gach duine atá i dteideal vóta a chaitheamh.

D'fhéadfadh sé gur mhaith leat machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna seo a leanas do d'aighneacht:
An bhfuil buntáistí a bhaineann le clár náisiúnta amháin soiléir duit?
Ar aithníomar go ginearálta na rioscaí agus an chaoi arbh fhéidir aghaidh a thabhairt orthu?
An bhfuil aon cheisteanna agat maidir leis an moladh seo? Más ea, cén chaoi arbh fhéidir aghaidh a thabhairt orthu?
Ar mhaith leat tuairimí eile a chur in iúl i dtaca leis an ábhar seo?

Príomh-thogra Uimh 6: Athrú i dtreo an aitheantais fhíoraithe ach UPSPanna a úsáid

Faoi láthair, déanann baill den phobal atá ag breathnú ar an dréachtchlár na húdaráis Áitiúla seiceálacha ar an gclár agus déanann An Garda Síochána seiceálacha ar an gclár freisin ach foirmeacha agus doiciméid aitheantais a sheiceáil le go gcuirfear duine ar an gclár forlíontach.

Chiallódh an moladh seo go mbeadh ar dhuine UPSP a sholáthar nuair ba mhian leo a n-ainm a chur ar an gclár nó na sonraí a nuashonrú. Bheifí in ann seiceáil bhunúsach a dhéanamh le bunachar sonraí atá ann cheana san earnáil phoiblí (e.g. bunachar sonraí UPSPanna na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí) lena chinntiú go dtagann an t-ainm, an seoladh, an náisiúntacht agus an dáta breithe a luaitear ar an bhfoirm leis an eolas ar an mbunachar sonraí UPSPanna agus lena chinntiú nach bhfuil siad ar an gclár cheana. Ní bheadh UPSPanna mar chuid den chlár nó le feiceáil ar an gclár.

Chuirfeadh sé le slándáil an chláir mar nach mbíonn ach UPSP amháin ag duine agus mar sin nach bhféadfaí iad a chur ar an gclár faoi dhó, bheifí in ann incháilitheacht le vóta a chaitheamh i vótáil ar bith a sheiceáil freisin. Chiallódh sé freisin nach mbeadh ar dhaoine doiciméid a chur I láthair dá mbeadh aon mheaitseáil ann. Mura mbeadh aon mheaitseáil ann, dhéanfaí teagmháil leis an duine agus d'iarrfaí air doiciméid bhreise a sholáthar, mar a dhéantar faoi láthair nuair a thugtar doiciméid aitheantais chuig stáisiún na nGardaí.

Chabhródh sé linn na UPSPanna a úsáid agus na 31 clár reatha á dtabhairt le chéile chun ceisteanna a shocrú amhail iontrálacha dúbailte.

Is doiciméad poiblí é an clár, an mbeadh mo UPSP sábháilte? Ní stórálfaí UPSPanna leis an gclár. Le go mbeadh na húdaráis áitiúla in ann taifid a aimsiú go tapa, stórálfaí iad ach i mbunachar sonraí glasáilte ar leith.

Buntáistí
- I gcás fhormhór na ndaoine, i gcás ina mbeadh meaitseáil ann, bheadh an clárú tapa agus éasca – oibríonn an córas seo go maith i dTuaisceart Éireann agus sa Bhreatain, mar a n-úsáidtear uimhreacha árachais náisiúnta ar an gcaoi seo.
- Chuirfí feabhas ar shlándáil an chláir mar go mbeifí in ann aitheantas agus incháilitheacht an duine a sheiceáil agus go laghdófaí líon na ndaoine a mbeadh orthu doiciméid a chur I láthair.

- Chabhródh sé leis na cláir atá ann cheana a thabhairt le chéile i ndáil le líon na daoine a mbeadh teagmháil le déanamh leo mar chuid de phróiseas glantacháin; agus
- Bheadh staitisticí ní b'fhearr ar fáil chun caighdeán an chláir a mheas thar am.

Rioscaí	**Conas is féidir aghaidh a thabhairt orthu seo?**
D'fhéadfadh sé nár mhaith le daoine áirithe UPSP a sholáthar	Mar chuid den chomhairliúchán seo, iarrtar ar dhaoine ceisteanna a chur isteach le gur féidir breithniú agus aghaidh a thabhairt orthu.
D'fhéadfadh sé go mbeadh imní ar dhaoine maidir leis an bpríobháideachas	Leagfar amach nósanna imeachta ríshoiléire faoi UPSPanna a úsáid – leagfar na nósanna imeachta sin amach mar chuid den mholadh deireanach. - Ní bheidh UPSPanna ar an gclár, - Ní bheidh teacht ag an bhfoireann a bhíonn ag plé leis an gclár orthu ach amháin chun fíorú a dheanamh - Stórálfar i gcóras ar leith iad a mbeidh forálacha an-docht rochtana ann ina thaobh. - Díreofar ar bhearta teicniúla slándála sa mholadh cur chun feidhme chun a áirithiú go mbeidh sonraí sábháilte.
D'fhéadfadh sé go mbeadh imní ar dhaoine go mbeadh eolas breise ar fáil don fhoireann a bhíonn ag plé leis an gclár san údarás áitiúil.	- Ní úsáidfear UPSPanna ach chun cros-seiceáil a dhéanamh ar líon beag sonraí a bhaineann go sonrach leis an gclár - Ní chuirfear sonraí ar fáil mar chuid de na seiceálacha fíorúcháin agus ní bheidh i gceist ach meaitseáil nó gan mheaitseáil.

D'fhéadfadh sé gur mhaith leat machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna seo a leanas do d'aighneacht:
An gceapann tú go mbainfí cothromaíocht amach idir próiseas éasca clárúcháin agus slándáil dá n-úsáidfí UPSPanna?
An mbeifeá sásta UPSP a chur ar fáil mar chuid den phróiseas simplithe clárúcháin?
An bhfuil aon cheisteanna agat maidir le UPSPanna a úsáid?
Conas is féidir dul i ngleic leis na ceisteanna sin?
An dóigh leat go bhfuil roghanna eile ann ar a mbeadh an toradh céanna nó toradh ní b'fhearr?

Cúlra: Mhol an Comhchoiste Oireachtais in 2016 "*go n-úsáidfí aitheantóir uathúil amhail UPSP chun aghaidh a thabhairt ar an míchruinneas agus ar neamhiomláine an chláir, ar bhealach a bheadh ag cloí leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1998-2003 agus go mbeadh roinnt sonraí ní b'fhearr ann idir comhlachtaí poiblí.*

Moltaí gaolmhara: Na foirmeacha agus an próiseas a shimpliú, clárú don duine aonair; sonraí a roinnt.

Príomh-thogra Uimh 7: Sonraí a roinnt le cruinneas agus cuimsitheacht an chláir a chothú

Cé go mbailítear roinnt eolais nuair a théitear ó dhoras go doras gach bliain, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé as dáta an-tapa, mar shampla, má bhogann duine chuig teach eile.

Tá dhá chiall le sonraí a roinnt don chlár toghthóirí:

- Sonraí a roinnt idir na húdaráis áitiúla agus iad ag oibriú ar an gclár – tá seo tábhachtach mar go gcuirfear feabhas ar an gcaoi a ndéanann siad cumarsáid agus ciallóidh sé go mbeidh daoine a bhogfaidh idir chontaetha in ann a bheith muiníneach go ndéanfar nuashonrú ar na sonraí. Cuirfidh bunachar sonraí amháin feabhas ar an bpróiseas seo.
- Sonraí a roinnt idir eagraíochtaí éagsúla ar mhaith leis an gclár a nuashonrú – mar shampla, go mbeifí in ann an clár a sheiceáil in aghaidh an bhunachair sonraí UPSPanna. Áirithítear leis na cineálacha eile roinnt sonraí go mbeadh daoine in ann a seoladh ar an gclár a athrú nuair a athraíonn siad é don mhótarcháin nó do sheirbhís eile phoiblí; faoi láthair, cuireann an Phríomh-Oifig Clárúcháin liostaí de na daoine ar cláraíodh go bhfuair siad bás chuig na húdaráis áitiúla d'fhonn an clár toghthóirí a nuashonrú.

Ní roinnfí ach méid beag eolais. Ní úsáidtear ach méid beag eolais don chlár – aitheantas a fhíorú (seiceáil UPSP b'fhéidir); aois; saoránacht agus seoladh/éirchód. D'fhéadfadh sé go mbeifí in ann imeachtaí saoil, amhail pósadh, a roinnt leis an gcomhroinnt sonraí le go n-iarrfaí ar dhuine ar mhaith leo nuashonrú a dhéanamh ar na sonraí ar an gclár.

Buntáistí: Bheadh buntáiste mór le sonraí a roinnt do dhaoine nuair a athraíonn an seoladh, mar shampla, ní bheadh orthu an t-athrú a dhéanamh ach aon uair amháin le comhlacht san earnáil phoiblí agus bheadh a fhios acu go gcóipeálfaí chuig an gclár é le nach mbeadh orthu a dhéanamh ar leithligh.

Rioscaí	**Conas is féidir aghaidh a thabhairt orthu seo?**
D'fhéadfadh sé nach mbeadh bunachair eile sonraí chomh cothrom le dáta agus atá an clár toghthóirí	- Níor mhór féachaint ar gach foinse sonraí as féin. - Cuirfear daoine ar an eolas faoi na sonraí a roinnfí agus faoi na heagraíochtaí lena roinnfí na sonraí.
D'fhéadfadh sé go mbeadh imní ar dhaoine maidir le sonraí a roinnt agus leis an bpríobháideachas	- Is féidir linn an méid eolais a roinntear a laghdú – ní bhíonn ach líon beag sonraí de dhíth don chlár. - Beidh próiseas an-trédhearcach chun go míneofar go soiléir na sonraí a bheidh le roinnt agus na foinsí a úsáidfear mar chuid de na moltaí deireanacha don nuachóiriú.

Cúlra: Mhol an Comhchoiste Oireachtais in 2016 "*go n-úsáidfí aitheantóir uathúil amhail UPSP chun aghaidh a thabhairt ar an míchruinneas agus ar neamhiomláine an chláir, ar bhealach a bheadh ag cloí leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1998-2003 agus go mbeadh roinnt sonraí ní b'fhearr ann idir comhlachtaí poiblí.*

Moltaí gaolmhara: Dá bhfíorófaí aitheantas ach úsáid a bhaint as UPSPanna a roinnt, níor mhór go mbeifí cinnte cén duine ar a bhfuil nuashonrú á dhéanamh ar a gcuid sonraí.

D'fhéadfadh sé gur mhaith leat machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna seo a leanas do d'aighneacht:
An gceapann tú go mbeadh buntáistí ag baint le sonraí a roinnt?
An uair dheireanach nuair a bhog tú chuig teach eile, an mbeadh sé cabhrach duit dá ndéanfaí nuashonrú ar an gclár toghthóirí go huathoibríoch nuair a rinne tú athrú eile e.g. na Coimisinéirí Ioncaim?
Dá mbeadh daoine in ann a gcuid sonraí féin a nuashonrú ar líne nó trí próiseas simplí páipéir, an mbeadh an roinnt sonraí de dhíth ar chor ar bith?

An bhfuil aon cheisteanna agat maidir le sonraí a roinnt?
Conas is féidir dul i ngleic leis na ceisteanna sin?

Moltaí eile a bhfuiltear ag féachaint orthu:

1. Clárú sealadach do dhaoine óga idir 16-17 mbliana d'aois le go mbeidís in ann a n-ainm a chur ar an gclár, mar shampla, trí scéim scoileanna agus go mbeadh feidhm ag an gclárú nuair a bhainfidís 18 mbliana d'aois amach;
2. Foráil ar leith a dhéanamh do dhaoine gan seoladh seasta e.g. daoine gan dídean, le go mbeadh nós imeachta caighdeánaithe i bhfeidhm ar fud na tíre;
3. Foráil a dhéanamh don chlárú anaithnid sa chás go mbeadh baol ann do shábháilteacht an duine dá mbeadh a gcuid sonraí ar fáil ar an gclár poiblí, mar shampla, sa chás go mbíonn ordú urchoisc nó ordú eile cúirte i bhfeidhm.
4. Foráil don chlár cóirithe a bhaint, clár nach n-úsáidtear ach go hannamh ar chuma ar bith ach go bhféadfadh sé nach úsáid iomchuí as sonraí a bhaineann leis an gclár toghthóirí a bheadh ann a thuilleadh.

D'fhéadfadh sé gur mhaith leat machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna seo a leanas do d'aighneacht:
Cad iad na tuairimí atá agat i leith na moltaí seo?
An bhfuil aon cheisteanna agat maidir leis na moltaí?
Conas is féidir dul i ngleic leis na ceisteanna sin?

11. Cuir aighneacht isteach faoi 15-03-2019

Áirítear na ceisteanna seo sa leanas le ceisteanna ar mhaith leat machnamh a dhéanamh orthu i dtaobh na moltaí éagsúla nó i dtaobh an tionscadail ina iomláine:

- An dóigh leat go mbeidh tionchar dearfach ag an tionscadal nó ag na moltaí éagsúla?
- An bhfeictear duit go mbaineann rioscaí le cuid de na moltaí nó leis na moltaí ar fad agus cén chaoi arbh fhéidir na rioscaí sin a laghdú?
- Conas a rachadh na moltaí sin i bhfeidhm ort, i bhfianaise na taithí a bhí agat leis an gclár le déanaí?

Cuirtear ceisteanna breise i dtaobh na moltaí éagsúla ach níl i gceist leis na ceisteanna ach treoir agus ní chuireann siad teorainn leis na tuairimí a iarrtar ar an bpobal. Téann an próiseas clárúcháin toghthóirí i bhfeidhm orainn ar fad agus mar sin, cuirtear fáilte roimh thuairimí ar ghné ar bith den phróiseas agus ar bhealaí arbh fhéidir a fheabhsú.

- Ríomhphost (i bhformáid Word) chuig registerreform@housing.gov.ie
- De rogha air sin, is féidir freagraí a chur sa phost chuig: An Comhairliúchán um an Tionscadal Clárúcháin Toghthóirí, An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtas Áitiúil, Teach an Chustaim, Baile Átha Cliath 1, D01 W6X0.

- Tabhair do d'aire go gcuirfear na haighneachtaí scríofa ar fáil don phobal ar shuíomh gréasáin na Roinne ar mhaithe leis an trédhearcacht. **Féach an Ráiteas Príobháideachais**